


# COMHAD FÍRICÍ: CEOL GCSE CEOL SCANNÁN



## Ceol Scannán

### Cúlra

Thosaigh an smaoineamh ar cheol a bheith mar thionlacan le scannáin i ré na scannán tostach. Ag an tús úsáideadh é leis an fhuaim a dhéanfadh an teilgeoir a mhúchadh nuair a bhí scannán tostach á léiriú agus le mothúchán nó atmaisféar áirithe a chruthú don ghníomhaíocht a bhí ar siúl. Go minic bhíodh pianódóirí nó ceolfhoireann na pictiúrlainne ag seinm ag an láthair agus iad ag tobchumadh nó ag léamh ó scór. Níorbh fhada gur imigh scannáin thostacha i léig nuair ab fhéidir fuaim thaifeadta a shioncronú leis an scannán de bharr forbairtí sa tairgeadh agus sa teicneolaíocht. Scannáin fuaime, scannáin chainte nó ‘talkies’ a tugadh ar na scannáin seo. Ag an tús ba shaothair chlasaiceacha de chuid an Iarthair (m.sh. *Ride of the Valkyries* le Wagner in *Birth of a Nation*, 1915) ach sna 1930idí, bhí fás ar ról an chumadóir scannán agus rinneadh ceol nuachumtha mar chuid de scéal an scannáin (m.sh. scór Max Steiner do *King Kong* 1933). Tá an-tábhacht ag baint leis an ionstraimiú a roghnaítear i gceol an scannáin mar go gcuireann sé le stíl agus seánra an scannáin, a bhíonn ag athrú thar na blianta.

### Cróineolaíocht Ceoil Scannán

#### 1900idí – 1920idí

Ré na scannán tostach. Tugadh ceol isteach mar thionlacan le scannáin trí cheol beo ó phiandóir nó cheolfhoireann.

#### Na 1920idí déanacha

Teacht chun cinn an ‘phictiúir chainte’ agus úsáid smaoineamh na leitmóitífe a tháinig ó dheireadh ré an Rómánsachais.

#### 1930idí – 1960idí

Tús le ‘Ré Órga’ ceol na scannán. Úsáid na teicnice ‘*mickey mousing*’ leis an méid atá ar an scáileán a shioncronú leis an cheol.

M.sh. *Mickey Mouse* – Radharc *The Mad Doctor*.

#### 1933

– Chum Max Steiner ceann de na chéad scóir scannáin nuachumtha in *King Kong* inar úsáid sé téamaí agus leitmóitífeanna.

M.sh. Max Steiner – Téama crómatach *King Kong*, 1933.

#### 1940idí

Tháinig an-tóir ar Film Noir sna deich mbliana seo. Thosaigh cumadóirí ag baint triail as dishondas agus atonúlacht.

M.sh. David Raskin – téama ó *Laura*, 1944.

### 1950idí agus 1960idí

Chum Henry Mancini an fonn téama don tseó teilifise *Peter Gunn* (1958) inar úsáid sé gnéithe de snagcheol. D'éirigh sin measartha coitianta i saothair scannáin ceolfhoirneacha sna chéad deich mbliana eile nó mar sin.

Bhí an seánra scannáin *Western* i mbarr a réime i rith an ama seo.

M.sh. Elmer Bernstein – *The Magnificent Seven*, 1960; Ennio Morricone – téama *The Good the Bad and the Ugly*, 1966.

Bhí scannáin chogaidh i mbarr a réime san fhiche bliain seo.

M.sh. Eric Coates – *The Dam Busters*, 1954; Elmer Bernstein – *The Great Escape*, 1963.

### 1960idí

Bhí fás ag teacht ar cheol scannán trialach sna deich mbliana seo. Is minic a d'úsáid cumadóirí scannán uirlisí ceolfhoirneacha ar dhóigheanna neamhghnácha amhail na téaduirlisí a sheinm le cúl an bhogha (*col legno*).

D'úsáid cumadóirí díshondas le hatmaisféar aerachtúil a chruthú.

M.sh. An téama ó scannán Alfred Hitchcock *Psycho* – Bernard Herrmann.

### 1970idí

Filleann scórach clasaiceach ceolfhoirneach ina n-úsáidtear téamaí agus leit móitífeanna.

M.sh. John Williams – téama *Jaws* (1975) agus téama *Superman* (1978).

### 1980idí

Tosaítear ar shintéiseoirí a úsáid i scórach ceolfhoirneach.

M.sh. Danny Elfman – téama *Beetlejuice*, 1988.

### Luath 1990idí

Tosaítear ar ríomhchláir bogearraí amhail uirlisí Cubase agus Pro Tools sa phróiseas cumadóireachta atá ag cumadóirí scannán – tá ceol á chumadh anois ar ríomhaire sula ndéanann ceolfhoireann é a sheinm agus a thairfeadh.

### 2000idí – an t-am i láthair

Tá ceolfhoirmiú le haghaidh scannán ag brath go mór ar sheánra. Agus réimse ann ó cheolfhoirne siansacha go huirlisí leictreonacha íosta, tá cumadh scannán níos trialaí agus níos neamhshrianta.

Tosaíonn cumadóirí neamhchlasaiceacha ceol ceolfhoirneach a scóráil le haghaidh scannán.

M.sh. Daft Punk – *Tron: Legacy*, 2010; Trent Reznor – *The Girl with the Dragon Tattoo*, 2011.

## Gnéithe ceoil de Cheol Scannán Ceolfhoirneach

<b>Séis:</b>	leitmóitíf, ostinato, crómatachas, athsheinm, mórghléas, mionhléas, módúil, seicheamh.
<b>Armóin:</b>	armóin dhiatonach, comhréir, díshondas, tonbhraisli.
<b>Tonúlacht:</b>	mórghléas, mionghléas, atonúil.
<b>Tondath:</b>	teicnicí seanma caighdeánacha, vibrato, glissando, col legno, arco, pizzicato, cleitirtheangú, uirlisí leictreonacha a chur le scóradh ceolfhoirneach.
<b>Uigeacht:</b>	aontacht, monafónach, homafónach, ilfhónach, cuntrapointeach, aithris.

## Gluais Ceoil Scannán

<b>Mickey Mousing:</b>	teicnic a úsáidtear i scannáin a dhéanann an ceol a shioncronú lena bhfuil ag tarlú sa radharc.
<b>Leitmóitíf:</b>	téama ceoil a athfhilltear i rith scannáin le carachtar, áit, nó suíomh ar leith a léiriú. [m.sh. <i>The Imperial March</i> (Téama Darth Vader) – <i>Star Wars: The Empire Strikes Back</i> , 1980].
<b>Ceolfhoirniú:</b>	na huirlisí a roghnaítear do scannán.
<b>Troitheán:</b>	nóta a choinnítear nó a athsheinntear i rith an cheoil.
<b>Bonndord:</b>	frása gairid a sheinntear sa dord a athsheinntear go han-mhínic.
<b>Ostinato:</b>	patrún nó frása a athsheinntear.
<b>Athsheinm:</b>	úsáidtear é i gceol scannáin mar dhóigh le móitíf nó smaoinreamh a bhunú.
<b>Tost:</b>	úsáidtear é ar mhaithe le héifeacht dhrámatúil.
<b>Díshondas:</b>	easpa armóine, nótaí i gcoimhlínt. Úsáidtear é go minic i gceol scannáin leis an lucht éisteachta a dhéanamh míshuaimhneach.

Le hatmaisféar agus mothúchán a chruthú

Úsáidtear é leis an scéal a fheabhsú

Le haitheantas a thabhairt do charachtair (úsáid leitmóitifeanna)

**Cén fáth a gcuireann muid ceol i scannáin?**

Le teannas a chruthú

Le cuidiú leis an leanúnachas idir radhairc eagsúla

Le cuidiú leis an lucht féachana am nó ré an scannáin a shocrú

Le cuidiú linn tuiscint a fháil ar shuíomh an scannáin ó thaobh cúlra tíreolaíoch, sóisialta agus cultúrtha



## Eric Coates: Máirseáil Dam Busters

### Cúlra:

Ba chumadóir Sasanach é Eric Coates (1886–1957) a raibh ceol éadrom mar speisialtóireacht aige. Rithimí beomhara, séiseanna spreagúla agus scríobh éifeachtach don cheolfhoireann na tréithe a bhain lena chuid ceoil. Go hiorónta (de réir a mhic) bhí an mháirseáil cumtha ag Coates sular tháinig na daoine a rinne an scannán in 1955 chuige, máirseáil a mbeadh dlúthcheangal idir í agus an scannán. Tá an tséis uasal legato ar aon dul le na téamaí eile dá mhacasamhail sna máirseálacha *Pomp and Circumstance* le Elgar nó sna máirseálacha corónaithe *Crown Imperial* nó *Orb and Septre* le Walton.

### Gnéithe:

- Ceolfhoirmiú:** Scóráiltear an mháirseáil, le haghaidh na ghnáth-cheolfhoirne siansaí nua-aimseartha ina bhfuil gaothuirilísí adhmaid dúbailte, 4 chorn, 3 throimpéad, 3 thrombón, tíúba, téaduirlísí agus triúr cnagcheoltóirí.
- Tonúlacht:** Mórghléas C
- Amchomhartha:** 2/4
- Nóta cúnta:** Nuair a ailtéarnaíonn an tséis idir príomhnóta agus an tuinairde díreach os a chionn no díreach faoi.
- Laghú:** Nuair a ghiorraítear luachanna nóta séise.
- Méadú:** Nuair a fhadaítear luachanna nóta séise.
- Scoilteadh:** Nuair a bhrítear téama síos ina mhóitífeanna níos giorra.
- Gleadhradh:** Ceol a sheinneann na prásuirilísí (go háirithe na troimpéid) le rud éigin speisialta a fhógairt amhail ócáid rioga nó mhíleata.
- Foirm dhénártha:** Nuair atá dhá roinn i struchtúr séise nó píosa ceoil, m.sh. A – B, téama *Dam Busters*.
- Dúnadh briste:** Is é atá i ndúnadh briste an corda ceannasach agus an corda fomheánach ag teacht ina dhiaidh.

### Príomhthéamaí:

An téama máirseáil ghasta – téama (a) – á sheinm ag veidhlíní



An téama *Dam Busters* – téama (b) – á sheinm ag veidhlíní



## Anailís

Am	Inneachar
0.00	Tosaíonn an ceol go ciúin agus troitheán marthanach ceannasach (G) ar na prásuirlisí ísle.
0.05	Cruthaítear atmaisféar corraitheach ar na dóigheanna seo a leanas: (i) tugtar isteach leagan scoilte den príomhthéama <i>Dam Busters</i> trí laghdú, (ii) pléitear leis seo i seicheamh ardaitheach, ag bogadh ó théada níos ísle isteach sna veidhlíní, (iii) leanann an pointe troitheáin ar aghaidh agus tá <i>crescendo</i> drámatúil go <i>fortissimo</i> .
0.12	Cuireann plimpeanna ciombal agus gleadhra dhá troimpéad béim ar an mhothúchán go mbeidh fógra ann de réir mar a bhíonn na harmóiní ag ailtéarnú idir mórghléas G agus mórghléas F thar an troitheán G. Cruthaíonn an patrún dhá leathchamán ionchas maidir le rithim théama na máirseála gasta a leanann.
0.20	Tosaíonn an téama máirseála gasta (i mórghléas C) le buille suas leathchamáin crómatach. I measc a príomhghnéithe tá gluaiseacht thriadach a bhíonn ag titim agus ag éirí agus idé nóta cúnta athsheinnte i rithim phoncaithe. Le téaduirlisí agus gaothuirlisí a sheinntear an tséis agus bíonn frithshéis <i>pizzicato</i> sna dordveidhilí agus príomhpháirt ag an triantán.
0.27	Tá seicheamh íslitheach sa chuid eile den fhonn seo agus modhnaíonn sé go dtí an corda ceannasach (mórghléas G). Tugtar isteach an ghlocainpíl.
0.35	Filleann an chéad fhrása (0.20) ach imíonn sé i dtreo eile (mionghléas F) ag críochnú le sraith de thréacha éiritheacha a úsáidtear i seicheamh íslitheach. An lánhdúnadh a chríochnaíonn an téama seo. Leantar é le buille singil ar chiombal crochta.
0.50	Seinntear an chéad leath de na <i>Dam Busters legato</i> le téaduirlisí agus le frithshéiseanna ó na gaothuirlisí adhmaid agus ón chorn. Is é mórghléas F an gléas anois (an focheannasach) ach bíonn modhnú ar a cheannasach (C) i ndeireadh na roinne seo.
1.06	Tosaíonn an dara leath den téama seo cosúil leis an chéad leath ach filleann sé ar a ghléas tonach trí mhionghléas D.
1.21	Gleadhra dhá troimpéad – arís tá an mhóitíf dhá leathchamán ann – agus athsheinm lánscóráilte ina dhiaidh de roinn A agus B, na prásuirlisí chun tosaigh agus plimpeanna ciombal scaipthe tríd.
1.52	Athsheinntear na chéad 28 barra de théama na máirseála gasta ina ghléas bunaidh.
2.18	Tá deireadh an téama seo scoilte agus síntear in airde é a fhad agus a bhogann an dord síos i ngluaiseacht chontrátha.
2.26	Filleann an t-ábhar tosaigh (0.05) ach an iarraidh seo críochnaíonn sé le <i>rallentando molto</i> mórthaibhseach.
2.43	Tagann an cheolfhoireann iomlán isteach go maorga anois i máirseáil na <i>Dam Busters</i> dar comhartha <i>Grandiosa</i> agus feabhsaítear é le plimpeanna ciombal agus rolláin sreangdhrumaí. Is é an tonach (mórghléas C) an gléas atá ann anois seachas an focheannasach (mórghléas F).
3.23	Cruthaíonn dúnadh briste atreorú ar feadh bomaite agus cruthaítear níos mó teannais trí mhéadú a úsáid ag deireadh an fhrása.
3.42	Cuireann coda gairid moill bhreise ar an lánhdúnadh a bhfuiltear ag dúil leis, an áit a mbíonn túsbarraí théama na <i>Dam Busters</i> ann le harmóiniú mhórghléas F agus ansin mhionghléas F. Réitítear seo faoi dheireadh sa mhórchorda C deireanach ina n-aibhsíonn na timpani an tonach agus an ceannasach.

## Éisteacht bhreise:

Coates: *London Suite*Walton: *Orb and Sceptre*



## John Williams: *Superman*, Príomhthéama

### Cúlra:

Is pianódóir agus cumadóir é John Williams (rugadh 1932) a bhfuil oiliúint chlasaiceach aige agus atá freagrach as scóir iocónacha dá lán de na scannáin mhór-ratha ag deireadh an fichiú haois agus go luath san aonú haois is fiche. D'éirigh go hiontach leis an cheol a chum sé do *Jaws* agus *Star Wars* agus anois bhunaigh sé a stádas mar dhuine de na cumadóirí ceoil is fearr riamh leis an scór a rinne sé do *Superman* in 1978.

### Gnéithe:

**Séis:** I measc na scileanna atá riachtanach do chumadóir scannán, tá an cumas teacht aníos le téama a chuimsíonn pearsantacht carachtair agus a chuidíonn le hiad a chur in aithne i rith an scéil. Richard Wagner ar dtús ba chúis le teicníc na leitmóitife a úsáid sna holdhrámaí ceoil a chum sé agus is léir í in *Superman* fosta, an téama gaisciúil cosúil le gleadhradh atá ann ag an tús. Bunaithe ar nótaí an tríchorda thonaigh agus le béim ar idirchéimeanna an cheathraigh agus an chúigigh, is féidir é a chur i gcomparáid le príomhthéamaí scóir eile de chuid John Williams amhail *Indiana Jones* agus *Jurassic Park*.

**Armóin:** Faigheann Williams spreagadh óna lán stíleanna Rómánsúla agus nua-aimseartha agus is léir tionchar cumadóirí chomh héagsúil le Richard Strauss, Walton agus Prokofiev ar a chuid ceoil. Cé gur tonúil atá a chuid armóiní go bunúsach, seachnaíonn sé intuathacht trí dhíshondas neamhullmhaithe nó neamhréitithe a chur isteach. Is léiriú é an dúnadh atá ann ag deireadh an chéad ráitis de théama na máirseála. Tá an mórchorda F ar an bhuille dheireanach den bharr (b.25) i gcontrárthacht le G ar an dord. In amanna úsáidtear ceathraigh (G, C, F) le cordaí a chruthú in áit tréacha (G, B, D) nó cuirtear seachtaigh mhóra le gnáthchordaí (C, E, G, B). Is sainréitithe den cheol nua-aimseartha é úsáid armóin cheathrach agus díshondais.

**Ceolfhoirniú:** Tá an píosa seo scóráilte le haghaidh ceolfhoireann shiansach nua-aimseartha mhéadaithe agus uirlisí breise amhail piccolo, dordchlairinéad, glocaispíl agus cláirseach san áireamh. Is sainréitithe de scóir scannán John Williams é úsáid prásuirlisí agus cnaguirlisí a bheith go mór chun tosaigh.

**Tonúlacht:** Mórghléas C (críochnaíonn i mórghléas G).

**Amchomhartha:** 4/4 ag ailtéarnú le 12/8.

**Ostinato:** Nuair a athsheinntear rithim nó patrún tuinairdí síos tríd an sliocht ceoil.

### Príomhthéamaí:

Gleadhradh tosaigh – téama (a)



Máirseáil – téama (b)



Téama grá – téama (c)



## Anailís:

N.B. Cé go dtagraíonn na huimhreacha barra do scór an phianó, tá sé seo faoi choinne cúiseanna léirithe amháin mar níl cóip an phianó ag teacht le leagan na ceolchoirme cheolfhoirní.

Barra	Am	Inneachar
1	0.00	Tá pointe troitheánach tonach curtha ar fáil ag rollán timpani ag a seinneann troimpéid agus coirn an téama gleadharta (a) os a chionn. Bíonn plimp ciombal ag an am chéanna leis an nóta is airde (E) a thiteann de réir céime go dtí an nóta faoi.
5	0.13	Seinntear an gleadhradh arís le trombóin curtha leis ag ochtach níos ílse. Téann rithim shioncóipithe agus <i>accelerando</i> ag an deireadh isteach sa roinn leis an mháirseáil atá níos gasta.
8	0.22	Bíonn an ostinato rithimeach ar théada ísle, dordchlairinéad, agus tiúba mar réamh-mheas ar amchomhartha 12/8 na máirseála. An ostinato seo, a bhogann ón nóta C go F agus go G sa deireadh, cruthaíonn sé teannas. Cruthaíonn gleadhradh troimpéid, a bhfuil ceathraigh éiritheacha ann (0.34), mothú den réamhtheachtas.
10	0.43	Tá téama na máirseála (b) nasctha leis an ghleadhradh tosaigh sa mhéid go bhfuil an cúigeach éiritheach ann ar dhóigh shuntasach. Déantar é a sheinm ag trumpaí agus scaipithe tríd tá cordaí ceolfhoirne iomlána, plimpeanna ciombal, rolláin triantáin agus blúiríní den rithim ostinato (0.22) sna téada ísle agus timpani. Críochnaíonn na chéad ocht mbarra le scála éiritheach mear sna veidhlíní.
18	0.59	Seinntear téama (b) arís le gile bhreise na glocaispíle agus na scálaí sna gaothuirlisí adhmaid atá dúbailte ag an piccolo.
26	1.14	Tosaíonn an chéad chuid eile den téama (dordveidhilí) le trí mhír dhá bharra a thosaíonn go léir mar an gcéanna, ach a fhorbraíonn ansin an déach titime agus rithim trírín an ghleadhartha i ndóigheanna éagsúla.
34	1.30	Cuirtear na coirn leis nuair a sheinntear na trí mhír chéanna arís an t-am seo le plimpeanna ciombal agus tagairtí don rithim ostinato sna troimpéid fite fuaite tríd.
40	1.41	Tugtar airpéitsí éiritheacha ar na troimpéid le chéile leis an rithim phoncaithe ó théama na máirseála. Is trichordaí móra (Db, C agus F) go príomha iad na harmóin a bhfuil seachtaigh mhóra dhíshondacha curtha leo. Tá scálaí iontacha gaothuirlisí adhmaid ann chomh maith.
45	1.52	Athraíonn an armóin go tobann go mórghléas Db thar Gb sa dord a chruthaíonn teannas breise dá bharr.
48	1.57	An corda ceathrach G, C, F a bhféadfaí é a léirmhíniú fosta mar chorda G7 leis an tréach chrochta, cuireann sé moill bhreise ar scaoileadh na clascartha seo.
50	2.01 2.16	An gleadhradh tosaigh – filleann téama (a) le ceolfhoirmiú iomlán ar a n-áirítear scálaí éiritheacha gaothuirlisí adhmaid. Tosaíonn roinn nua (nach bhfuil i leagan an phianó) i mórghléas F. Is í an tséis éiritheach legato sna coirn an téama grá – téama (c) – cé go bhfuil an rithim ostinato i láthair go fóill i gcúlra na dtéad.
	2.35	Is seicheamh ardaitheach í a leanann ar aghaidh leis an téama seo sna gaothuirlisí adhmaid (óbónna agus clairinéid in ochtaí) nuair a dhéanann frithshéis an veidhlín aithris ar ghiotaí den tséis. Bíonn airpéitsí cláirsí ina gcuid den tionlacan cheolfhoirmeach.
	2.47	Forbraítear na déacha titime a bhí ina gcuid de théamaí (a) agus (b) ag úsáid a, athsheanma agus seicheamh íslitheach.
	2.51	Filleann an rithim ostinato (a chloistear den chéad uair ag 0.22) anois ar an nóta Bb.
	2.54	An mháirseáil – téama (b) – tógta ar ais é i mórghléas Bb i.e. ton níos ísle ná mar a bhí roimhe. Tá tionlacan nua ostinato aige déanta de scála íslitheach ceithre nóta sna huirlisí is ísle den cheolfhoireann.



Barra	Am	Inneachar
	3.10	Tá an rithim bunaidh ostinato ar F anois agus na ciombail agus sreangdhroma ardaithe.
	3.13	An gleadhgradh – aistrítear téama (a) go mórghléas F.
	3.29	An gleadhgradh suas ton go mórghléas G leis an scála íslitheach (2.54) mar thionlacan ostinato. Tá clonscairt ciombail ar gach buille den bharr agus tá deireadh na míre sioncóipithe.
	3.42	Rithim bunaidh ostinato (0.22) ar G sna veidhlíní mar aon le scálaí gaothuirlisí adhmaid drámata agus <i>glissando</i> ar chlárseach.
	3.50	Úsáidtear mír díorthaithe ó bharráí 3-4 den ghleadhgradh in aithris tríd an cheolfhoireann, ag tosú leis na téada íochtaracha agus an dordchlairinéad agus ag críochnú leis na troimpéid.
	3.57	Rithim ostinato (0.22) curtha le scálaí crómatacha sna práis.
	3.59	Tagairt dheireanach don rithim ostinato seo is é a thugann an píosa seo go deireadh ar G.

### Éisteacht bhreise:

Williams: *Star Wars*, Main Title

Williams: *Summon the Heroes*

## James Horner: *The Amazing Spider-Man*, Príomhtheideal – ‘Young Peter’

### Cúlra:

Ar nós John Williams, bhí baint thairbheach ag James Horner (1953–2015) le tionscal na scannán ag cumadh téamamhrán agus scór do shraith de scannáin mhór-eachtraíochta ar a n-áirítear *Star Trek II* agus *III*, *Apollo 13* agus *Titanic*. Bhí *The Amazing Spider-Man* ar cheann dá scannáin dheireanacha (fuair sé bás i dtuairt eitleáin i mí an Mheithimh 2015) agus cuireann an príomhtheideal in iúl uaigneas an déagóra Peter Parker chomh maith leis sin tugann sé le fios saoihiúlacht a aistrithe go *Spider Man*.

### Gnéithe:

Séis: Cé go dtugann an gléaschomhartha le fios gurb é mionghléas D atá ann, tá mothú módúil ag an phríomhshéis mar gheall ar C nádúrtha a bheith ann seachas an treoirnóta ardaithe C gear.

Armóin: Go bunúsach, tá an teanga armónach tonúil ach cuirtear dishondas san áireamh (m.sh. na barraí tosaigh) le mothú d’imní a chruthú. Bíonn go leor athraithe tobanna ar chordaí neamhghaolmhara agus modhnuithe ar ghléasanna cianda. Réimniú amháin a úsáideann Horner roinnt uaireanta (m.sh. bb. 8–9), baineann sé le gluaiseacht idir dhá thríchorda neamhghaolmhara (sa chás seo mionghléas E agus mórghléas Eb) a bhfuil nóta amháin (G) i gcoitinne acu.


Ceolfhoirniú: Is cumadóirí ceoil scannán tipiciúil na linne seo é Horner sa mhéid is go gcomhcheanglaíonn sé gnáthuirilísí agus guthanna le maisíochtaí cruthaithe go leictreonach agus samplaí digiteacha. Tá an méid seo indéanta mar gheall ar an dul chun cinn i dteicneolaíocht an cheoil le blianta beaga anuas.

Tonúlac: Mionghléas D/ Mód dórach ar D.

Amchomhartha: 4/4, méadar neamhrialta agus méadar a athrú sa roinn níos gasta (3.17).

### Príomhthéamaí:


Aonréad troimpéid – téama (a) – 0.16



Aonréad tribile – téama (a1) – 1.48



Aonréad pianó – téama (b) – 4.10



## Anailís:

N.B. Cé go dtagraíonn na huimhreacha barra do scór an phianó, tá sé seo faoi choinne cúiseanna léirithe amháin mar chríochnaíonn cóip an phianó ag 2.52.

Barra	Am	Inneachar
1	0.00	Forbraíonn na díchordaí tosaigh ar théada arda trí mhaisíocht <i>glissando</i> isteach go ceol gutha gan focail na bhfear.
3	0.13	Leanann an ceol gutha seo ar aghaidh in éadan cúlra d'fhuaim shintéisithe a tháirgeann rithim leanúnach leathchamáin. Tosaíonn an pianó patrún ostinato bunaithe ar airpéitsí titime mhionghléas D.
4	0.16	De réir mar a chéimníonn na fuaimeanna gutha isteach agus amach, tagann troimpéad aonair isteach leis an phríomhshéis – téama (a). Úsáideann sé seo rithim chamáin/2 leathchamán d'ostinato an phianó mar nótaí tairmtheachta idir an tréach agus fréamh thríchorda mhionghléas D. Cuireann maisíochtaí cosúil leis an chrann mairc leis an atmaisféar neamhshaolta.
9	0.33	Tugann an ceol céim ar leataobh go mórghléas Eb agus forbraítear in airde leagan gléasaistrithe de shéis an troimpéid.
15	0.52	Éiríonn an t-ábhar leictreonach níos suntasaí agus cuireann rollán ar chiombal crochta béim ar fhilleadh mhionghléas D agus ar an ostinato airpéitise.
17	0.58	Bíonn filleadh na séise troimpéid (0.33) ceathrach níos airde anois mar gheall ar athrú tobann na tonúlachta go mórghléas Ab.
21	1.12	Athrú gan choinne eile ar ghléas – an t-am seo go dtí mórghléas Cb. Tá na maisíochtaí leictreonacha ann go fóill fad is atá mír thriadach nua ardaitheach ag an troimpéad i rithim phoncaithe.
25	1.24	Ailtéarnaíonn na harmóin sna téada idir mionghléas Bb agus mórghléas Gb mar tógann an corn an rithim phoncaithe agus ansin filleann sé sa troimpéad.
31	1.42	Ullmhaíonn <i>diminuendo</i> ar mhórchorda A coinnithe d'fhilleadh mhionghléas D.
33	1.48	Tosaíonn an pianó a airpéitsí arís (0.13) a thugann anois an tionlacan le tribil aonair bhuachalla a chanann (gan focail) leagan den tséis a tugadh don troimpéad a chéadúair ag 0.16 – téama (a1). Cuirtear rithim phoncaithe agus veidhlíní ardréime agus frithshéis in áit na nótaí tairmtheachta leathchamáin.
38	2.05	Tá giota den tseicheamh íslitheach i láthair agus atreoraíonn an ceol go mórghléas Eb mar a bhí roimhe (0.33). Ardaíonn scála sa ghuth go dtí A ard a bhíonn ann ag an am chéanna le filleadh an ghléis thonaigh.
41	2.15	Aiceannaíonn <i>Crescendos</i> agus <i>diminuendos</i> an t-ascalú idir na tríchordaí neamhghaolmhara de mhionghléas D agus mórghléas Db.
45	2.31	Úsáidtear réimniú trí bharr (mórghléas Ab – mionghléas C – mórghléas Cb) i seicheamh íslitheach fad is atá an mhóitíf trí nóta sna veidhlíní forbartha trí sheicheamh agus inbheartú.
	2.52	Tá sliocht crómatach titime ag an phianó agus filleann ceol gutha na bhfear – an <i>glissando</i> síos ag feidhmiú mar athghléasadh go dtí an chéad roinn eile.
	2.56	Éiríonn uigeacht na téide, a bhfuil an figiúr trí nóta i dtéada ann go príomha (2.31), iontach díshondach. Méadaíonn an tempo de réir mar a shintear in airde an mhóitíf thobann sna dordveidhilí.
	3.17	Marcálann rollán ciombal crochta an tús le roinn úr, cé go bhfuil sé ag tempo i bhfad níos gasta, tá sé fós i mionghléas D, go bunúsach. Tá an méadar neamhrialta agus athraitheach á thiomáint ag na cnaguirisí suntasacha (ar a n-áirítear fuaimeanna ciombal troitheáin agus druma sintéisithe) agus an ghluaiseacht leanúnach chamáin sa pianó.

Barra	Am	Inneachar
	3.33	Tarlaíonn dishondas mar gheall ar fhorlú na bpatrún difriúil ostinato sa phianó agus sna téada.
	3.43	Tá móitíf shioncóipithe ag na veidhlíní in ochtacha fad is a choinnítear gluaiseacht leanúnach chamáin i bpáirt an pianó.
	3.53	Leanann <i>crescendo</i> prásuirlisí isteach go dtí an chéad roinn eile a thosaíonn i mionghléas G. Is móitíf shuaithinseach í an rithim leathchamáin athsheanma sna téada mar tugtar buille rialta ar ais.
	4.00	Críochnaíonn <i>diminuendo</i> agus <i>ralletando</i> grádach ar an nóta D.
	4.05	Filleann an ostinato airpéitse (0.12) sa phianó le harmónú na láimhe clé.
	4.10	Seachas filleadh ar théama (a) séis mhothúchánach nua – téama (b) – cuirtear i láthair é le pianó aonair in ochtacha in éineacht le téada níos ísle.
	4.39	Veidhlíní agus méarchláir a úsáideann ton téide sintéisithe, coinníonn siad mionchorda D ar bun fad is a leanann na hairpéitsí athsheanma ar aghaidh sa phianó. <i>Diminuendo</i> fada agus céimnigh go dtí an deireadh.

### Éisteacht bhreise:

James Horner: *Titanic*

James Horner: *Apollo 13*

